



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2023  
(OR. en)

9302/23

---

---

**Comhad Idirinstiúideach:  
2014/0108(COD)**

---

---

ENT 100  
CONSOM 169  
SOC 315  
MI 395  
ECO 38  
IND 241

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Aibreán 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 196 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le feidhmiú na cumhachta a tugadh don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trealamh cosanta pearsanta

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 196 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 196 final



An Bhruiséal, 14.4.2023  
COM(2023) 196 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta a tugadh don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a  
ghlacadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón  
gComhairle maidir le trealamh cosanta pearsanta**

# **TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta a tugadh don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trealamh cosanta pearsanta**

## **1. RÉAMHRÁ**

Leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/425<sup>1</sup> ceanglais maidir le trealamh cosanta pearsanta (TCP) a dhearadh agus a mhonarú chun cosaint sláinte agus sábháilteachta úsáideoirí a áirithiú agus rialacha a bhunú maidir le saorghluaiseacht TCP san Aontas.

Chun dul chun cinn agus eolas teicniúil nó fianaise eolaíoch nua a chur san áireamh, cumhachtaítear don Choimisiún le hAirteagal 42(1) den Rialachán gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn I a leasú trí athaicmiú a dhéanamh ar an riosca a bhfuil sé ceaptha úsáideoirí a chosaint ina choinne, is é sin é a bhogadh ó chatagóir amháin go catagóir eile.

## **2. BUNÚS DLÍ**

Ceanglaítear an tuarascáil seo a dhéanamh faoi Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2016/425. De bhun an Airteagail seo, cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana ón 21 Aibreán 2018, agus ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana.

Luaitear in Airteagal 43(2) den Rialachán go ndéanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

## **3. AN TARMLIGEÁN A FHEIDHMIÚ**

Ó tháinig Rialachán (AE) 2016/425 i bhfeidhm níor bhain an Coimisiún úsáid as an gcumhachtú. Níor glacadh aon ghníomh tarmligthe go fóill.

Tá na catagóirí riosca TCP a liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán cothrom le dáta go fóill. Mar sin féin, maidir leis na cúiseanna ar thug na comhrechtóirí an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh don Choimisiún, tá siad bailí fós agus d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún úsáid a bhaint astu san am atá amach romhainn.

## **4. CONCLÚID**

Creideann an Coimisiún, cé nach bhfuil aon ghníomh tarmligthe glactha aige go dtí seo, gur cheart tarmligeán na cumhachta mar a shonraítear in Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2016/425 a fhadú go hintuigthe go ceann 5 bliana, i gcomhréir le hAirteagal 43(2) den Rialachán.

D'fhéadfadh an gá a bheith ann amach anseo na rioscaí a athaicmiú trí iad a aistriú ó chatagóir amháin go catagóir eile. Tá sé tábhachtach an tsolúbthacht is gá a choinneáil sa chreat dlíthiúil chun dul chun cinn

---

<sup>1</sup>Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51)

agus eolas teicniúil nó fianaise eolaíoch nua a chur san áireamh chun sláinte agus sábháilteacht úsáideoirí a chosaint.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.